Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Márta 2020**
**(OR. en)**

**7043/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0121(COD)**

**CODEC 220**
**TRANS 138**
**SOC 178**
**EMPL 144**
**MI 90**
**COMPET 129**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le tiománaithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar agus lena leasaítear Treoir 2006/22/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais forfheidhmithe agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 **(an chéad léamh)**<br>– Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid chun an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle a ghlacadh |

1. An 31 Bealtaine 2017, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 91(1) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 18 Eanáir 2018[2].

3. Thug Coiste na Réigiún uaidh a thuairim ar an 1 Feabhra 2018[3].

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 4 Aibreán 2019[4].

[1] 9671/17.
[2] IO C 197, 8.6.2018, lch. 45.
[3] IO C 176, 23.5.2018, lch. 57.
[4] 7729/19.

5. An 20 Feabhra 2020, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh i ndáil leis an dréacht-Treoir thuasluaite[5].

6. An 20 Márta 2020, chomhaontaigh Coiste na mBuanionadaithe a mholadh go nglacfadh an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh. Tá téacs an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh[6] ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis an ráiteas ar chúiseanna a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh.

7. In éagmais chruinnithe de chuid na Comhairle agus i bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus i gcomhréir le hAirteagal 1 de Chinneadh 2020/430 ón gComhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn chun:

– a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an dréacht-Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/22/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais forfheidhmithe agus lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le tiománaithe a phostú san earnáil iompair de bhóthar mar a leagtar amach in 5112/20 é agus an Ráiteas ar chúiseanna mar a leagtar amach é in 5112/20 ADD 1 a ghlacadh.

---

[5] I gcomhréir leis an litir dar dáta an 23 Eanáir 2020 a sheol Uachtarán Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht Pharlaimint na hEorpa chuig Cathaoirleach Coreper, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas gan aon leasú a dhéanamh air.

[6] 5112/20 + ADD 1.